

Eochairchéim 2 Blíanta 6 & 7

# Iontas an Domhain



## fócas

Trí thaiscéaladh an domhain ina maireann siad cuirtear ar a súile do pháistí gur baill iad de phobal domhanda. Breathnaíonn siad an domhan nádúrtha ina maireann siad agus machnaíonn ar dhomhan atá ag síorathrú, anois, san aimsir chaite agus feasta.

### Na hEalaíona

- ceol ón cheantar, ó thír na hÉireann agus ón domhan mór
- uirlisí as timpeall an domhain
- beochan

### Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- bheith uathúil
- caidreamh le cairde agus an teaghlach
- ról sa phobal

### An Domhan Thart Orainn

- idirspleáchas
- athrú le himeacht ama
- áit

### Corpoideachas

- freagairt go cruthaitheach don cheol
- ag obair le daoine eile agus meas agat ar a gcuid saothair
- sábháilteacht phearsanta san uisce agus in aice leis
- forbairt banganna aitheanta snámha



# Clár

Sa leabhrán seo 'lontas an Domhain' tá an méid seo a leanas:

## Cuspóirí agus Gníomhaíochtaí Molta Foghlama do:

• Na hEalaíona	3
• Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint	7
• An Domhan Thart Orainn	13
• Corpoideachas	17

## Cur le Forbairt Scileanna:

• Cumarsáid	21
• Úsáid na Matamaitice	21
• Úsáid TFC	21
• Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta	22

<b>Áiseanna Molta</b>	<b>23</b>
-----------------------	-----------

Forbraíodh an tAonad Téamach 'Fair Enough?' chun tacú leis an SFN seo.



## fócas

Trí thaiscéaladh an domhain ina maireann siad cuirtear ar a súile do pháistí gur baill iad de phobal domhanda. Breathnaíonn siad an domhan nádúrtha ina maireann siad agus machnaíonn ar dhomhan atá ag síorathrú, anois, san aimsir chaite agus feasta.

## Na hEalaíona

- ceol ón cheantar, ó thír na hÉireann agus ón domhan mór
- uirlisí as timpeall an domhain
- beochan

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## An Domhan Thart Orainn

## Corpoideachas

## An Nádúr Ag Bogadh

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Úsáid gnéithe amhairc a thuiscint le héifeacht a chruthú.
- Bheith eolach ar an dóigh le réimse ábhar, uirlisí agus próiseas a úsáid.
- A thuiscint go n-úsáideann ealaíontóirí modhanna agus teicnící difriúla.
- Bheith eolach ar an dóigh le roinnt teicnící a úsáid ina gcuid oibre féin.

### Gníomhaíochtaí Molta

Amharc ar roinnt scannán beochana agus labhair ar na suímh agus na carachtair [smaoinigh ar dhath, uigeacht, fhormaid agus phatrún].

Léigh an dóigh a ndéantar beochan. Amharc i smeachleabhar go bhfeice tú gurb é atá sa bheochan, sraith pictiúr, le hathruithe beaga, á rith le chéile.

I ngrúpaí, cruthaigh scéal agus scéalbhosca do bheochan shimplí, dírithe ar scéalta ónár gcultúr féin nó ó chultúir eile. Aithin agus samhlaigh an phríomhidé le scéalchlárú. Bíodh nótaí agat ar an scéalchlár a chuideoidh leat do smaointe ar na carachtair a eagrú. Dáil róil i do ghrúpa agus oibrigh mar mheitheal le cúlra, fócas agus mionsonraí a chruthú. Eagraigh achar sábháilte sa seomra le grianghraif a thógáil, mar shampla, tábla in éadan an bhalla agus ceamara ar thríchosach (nó ar dhaingneán eile).

Socraigh na radhairc don bheochan agus tóg grianghraif, ag taifeadadh an nuaphictiúir gach uair a dhéantar athrú beag. Cruthaigh beochan ag úsáid na n-íomhánna digiteacha a thóg tú agus/nó bogearraí beochana, má bhíonn siad ar fáil. Athraigh na beochana tríd an am is gasta a shocrú, téacs a chur leo, sleamhnáin a shórtáil nó trína gcóipeáil le gníomhartha a athdhéanamh. Mar shampla, crann a thosaíonn lom, agus ansin a fhásann duilleoga, bláthanna, a athraíonn dath agus faoi dheireadh a chailleann a chuid duilleog, tig a athdhéanamh le fáinne fáis a léiriú. Taispeáin an bheochan don chuid eile den rang ag úsáid an teilgeora sonraí. Cuir síos ar na héifeachtaí éagsúla a chruthaigh tú agus mínigh na próisis ar a gcúl.

# Ár nOidhreacht Cheoil agus An 'Siansa Domhanda'

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a n-úsáideann cultúir éagsúla gnéithe an cheoil a thuiscint.
- Bheith in ann scéalta agus pictiúir a chruthú le fuaim.
- Bheith in ann gearrphíosa a ghníomhú ag úsáid gutha agus uirlisí le cultúr a léiriú.

## Gníomhaíochtaí Molta

Labhair ar agus fiosraigh traidisiúin cheoil ár n-áite agus ár dtíre. Déan cnuasacht de thaifeadtaí amhrán áitiúil agus ceoil is rogha le daoine. Can nó seinn cuid de na hamhráin agus na foinn seo, mar shampla, 'I'll tell me ma'.

Fiosraigh ceol agus amhráin contaetha éagsúla in Éirinn, agus úsáid acmhainn an BBC – Musical Mystery Tour mar phointe tosaigh. Ón phlean seo, seicheamhaigh agus gníomhaigh turas simplí fuaime ceoil ar fud Éireann ag úsáid amhrán áitiúil agus éifeachtaí fuaime.

Éist le healaíontóirí a cheangail gnéithe éagsúla dár n-oidhreacht cheoil in Éirinn, mar shampla, Different Drums of Ireland. Roghnaigh uirlis amháin, mar shampla, an drumma. Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht stíleanna drumadóireachta ó na traidisiúin éagsúla cheoil, mar shampla, Lann Bheag, bodhrán. Déan taighde ar cad é mar a úsáidtear an uirlis seo i gcodanna eile den domhan agus éist le samplaí den cheol seo.

Ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha, taighdigh agus cuir i gcomparáid ár dtraidisiúin cheoil le traidisiúin cheoil timpeall an domhain. Éist le héagsúlacht cheoil ó chultúir éagsúla agus freagair dó ar dhóigheanna éagsúla.

Taighdigh agus can amhráin as timpeall an domhain, agus cuir tionlacain rithimeacha leo. Tabhair cuireadh do cheoltóir áitiúil labhairt ar ghnéithe dá ngairm.

## Díol Caoineog

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar a thábhachtaí atá fógraíocht áititheach.
- An próiseas a bhaineann le scéalchlárú agus scriptscríobh a thuiscint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Athbhreithnigh agus pléigh fógraí teilifíse agus measúnaigh na rudaí a chuireann le rath cuid acu: mar shampla, úsáid an ghrinn, suíomh, gligín tarraingteach, script chliste, imeartas focal, na carachtair atá ann, úsáid blas cainte, manaí srl.

Bailigh fógraí a dhíolann deochanna le daoine óga. Pléigh na rudaí a dhéanann deoch shláintiúil agus fosta, cén táirgeacht agus táirge áitiúil as timpeall an domhain a thiocthadh a úsáid le caoineog shláintiúil torthaí a dhéanamh do dhaoine óga.

Ag obair i ngrúpaí, ceap oideas úr do dheoch úr agus triail cuid acu sa rang. Cuir na torthaí i láthair mar léiriú cócaireachta, ag cur síos ar dhéanamh na dí don chuid eile den rang (thiocthadh iad seo a scrípteáil agus a thaifeadadh]. Ceap ainm nua branda don deoch chaoineoige.

Cruthaigh fógra a mhairfidh dhá nóiméad leis an táirge a dhíol ar an teilifís. Úsáid scéalchlár le seicheamh na bpictiúr atá le taifeadadh a chruthú. Scríobh script don fhógra, ina mbeidh baill iomlána an ghrúpa páirteach; bíodh smaointe ann ar shuíomh ag úsáid ceamara suite. Forbair gligín gairid leis an deoch a dhíol; tig leat amhrán atá ann a úsáid agus na focail a athrú nó fonn úr a chruthú. Bíodh an grúpa iomlán páirteach sa chanadh agus b'fhéidir, le gluaiseacht/damhsa. Pléigh frapaí a bheadh oiriúnach don taifeadadh chomh maith le cóiriú seit don suíomh agus cultacha do na carachtair atá ann. Seicheamhaigh an fógra do leanúnachas agus thaifeadadh. Cleacht an script agus forbair scrípteanna agus blasanna oiriúnacha don ghníomhú – bíodh an teanga soiléir, simplí agus éifeachtach.

Déan an táirge ag úsáid gabhdáin atá ann cheana féin agus an branda athraithe. Bíodh sonraí air a insíonn cad é a dhéanann deoch shláintiúil de. Taifead d'fhógra agus taispeáin é don chuid eile den rang ar theilgeoir sonraí. Cé chomh héifeachtach is atá an fógra? Pléigh straitéis margaíochta.



## fócas

Trí thaiscéaladh an domhain ina maireann siad cuirtear ar a súile do pháistí gur baill iad de phobal domhanda. Breathnaíonn siad an domhan nádúrtha ina maireann siad agus machnaíonn ar dhomhan atá ag síorathrú, anois, san aimsir chaite agus feasta.

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

- bheith uathúil
- gaolta le cairde agus teaghlach
- ról sa phobal

### Na hEalaíona

### An Domhan Thart Orainn

### Corpoideachas

## Bímis Mór Le Chéile?

### Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith eolach ar thábhacht an chairdis.
- Bheith eolach ar na fadhbanna a dtiocfadh leo éirí i gcairdis agus ar cad é mar is féidir iad seo a láimhsiú agus a fhuascailt.
- An tábhacht atá le dainséar strainséara (strainséirdhainséar) a aithint.

### Gníomhaíochtaí Molta

Láimhsigh grianghraf díot féin ag úsáid pacáiste bogearraí mar 'Colour Magic' nó 'Fresco'. Cuir bolgán cainte leis ag cur síos ort féin.

Le linn am ciorcail, pléigh na cáilíochtaí a dhéanann cara maith. Úsáid pacáiste bogearraí TFC mar Young Writers' Workshop, Colour Magic nó Fresco le 'Póstaeir Theastála' a dhearadh agus a chruthú do chara idéalach. Liostaigh na tréithe ba mhaith leat a bheith i gcara. Taispeáin na póstaeir don rang lena dtuairim a fháil.

Gníomhaigh cásanna coimhlinte idir chairde, mar shampla, sa chlós súgartha nó sa seomra ranga, bulaíocht nó dá mbeifí ag gabháil do nó ag cur isteach ar chara dá gcuid. Pléigh agus forbair straitéisí le déileáil le piarbhrú idir 'cairde'. In am ciorcail, pléigh an ráiteas 'caithfimid caitheamh le daoine mar ba mhaith linn go gcaithfeadh siad linn'.

Cruthaigh comhairle scoile agus aidhm aici dea-chaidreamh a chothú idir daltaí i ngach réimse de shaol na scoile.

Pléigh sábháilteacht ar an Idirlíon agus i ndíospóireachtaí ar líne mar sheomraí comhrá. Úsáid Scéim Oilteachta Idirlín Becta d'Eochairchéim 2.

Cuir ríomhphost chuig nó gabh i gcomhdháil le dalta ó scoil eile ar shuíomh creidiúnach gréasáin mar 'Grid Club'.



# An bhFuil Ról Agamsa i bPobal na hÁite?

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Mothuithe a chur in iúl le teanga chúí.
- A thuiscint gur de ghrúpaí agus de phobail éagsúla daoine.
- Ilchineáltacht taobh istigh den phobal áitiúil a aithint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh an chiall atá leis an fhocal 'pobal'. Smaoinigh ar a thábhachtaí atá sé ag baill pobail comhoibriú agus tacú lena chéile.

Faigh amach an dtig leatsa ról a bheith agat i bpobal na scoile agus cén ról é. Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le colláis ranga a dhearadh agus a chruthú, nó láithriú digiteach ar na róil taobh istigh de phobal na scoile. Aithin dóigheanna a dtig cuidiú agus tacú le baill phobal na scoile. Déan agus déan cuireadh le tabhairt do bhail éagsúla de phobal na scoile le labhairt faoina gcuid ról sa scoil. Ceap ceisteanna cuí le cur. Tóg grianghraf nó taifead den chuairt agus cuir litreacha buíochais nó ríomhphoist.

Liostaigh pobail eile agus grúpaí a bhfuil tú i do bhall díobh taobh amuigh den scoil, mar shampla, clubanna spóirt, gasóga, brídíní, eaglais. Déan taispeántas d'íomhánna a léiríonn na grúpaí seo. Aithin na háiseanna sa phobal do ghrúpaí éagsúla, mar shampla, aostaigh, páistí óga agus déagóirí. Scrúdaigh cion clubanna agus eagraíochtaí áitiúla do shaol an phobail.

Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin na comhairle áitiúla le fáil amach faoi obair agus ról na comhairle áitiúla, faoi pháirtithe éagsúla a sholáthraíonn d'obair na comhairle, faoin Mhéara agus a ról.

# Cé Mé Agus Cad Chuige a bhFuil Mé Uathúil?

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Iad féin a aithint mar dhaoine speisialta, uathúla.
- Saintréithe dearfacha a aithint fúthu féin agus faoi dhaoine eile.
- An dóigh a fhoghlaim le spriocanna pearsanta, réadúla a bheartú.

## Gníomhaíochtaí Molta

Imir 'sailéad torthaí' le linn am ciorcail, mar shampla, athraigh suíocháin má tá gruaig dhubh ort, má chaitheann tú spéaclaí, má d'ith tú calóga arbhair don bhricfeasta, má tá uaireadóir ort.

Cruthaigh leathanach pearsanta fá dtaobh díot féin agus foilsigh i dtimpeallacht ar líne é mar Grid Club. Pléigh an t-eolas pearsanta atá oiriúnach le roinnt ar líne.

Tóg páirt i gcluiche 'ag cur aithne ort'. Le páirtí, faigh oiread eolais agus a thig leat faoin duine eile. Tabhair tuairisc don rang le hiomlán an eolais (dáiríre nó greannmhar) a d'aimsigh tú.

Spreag smaointe faoin fhocal 'féiniúlacht' agus bíodh gnéithe dár bhféiniúlacht chultúrtha san áireamh. Cuir i gcatagóirí na heochairfhocail agus frásaí, mar shampla, an chosúlacht atá orainn, na rudaí a gcreidimid iontu, na rudaí is mian linn a dhéanamh agus cad é mar a chaithimid le daoine eile. Úsáid bogearraí TFC mar Fresco nó Colour Magic le suaithantas nó armas a dheardh agus a chruthú a léiríonn d'fhéiniúlacht.

Coinnigh taifead laethúil leis an teideal 'Cad é a rinne mé inniu a mothaím bródúil as?'. Athbhreithnigh an iris gach seachtain agus beartaigh roinnt spriocanna pearsanta.

Ar bhonn rialta ainmnigh nó roghnaigh 'Dalta faoi Phribhléid', lig pribhléidí leis an dalta i rith an lae, mar shampla, gan aon obair bhaile, suíochán ar leith, an chéad duine sa líne. Úsáid bogearraí TFC mar Fresco nó Colour Magic le cur le teastas ranga don 'Dalta faoi Phribhléid', a thagraíonn do na cáilíochtaí agus buanna a d'fhéadfadh a bheith acu, lig do thuismitheoirí a dtuairimí a chur ann agus cruthaigh taispeántas ranga.

Ullmhaigh láithriú gairid faoi ábhar spéise, faoi shainchaitheamh aimsire nó faoi chuairt le hinsint don chuid eile den rang.

Déan 'crann tá mé, thig liom, tá a fhios agam', cruthaigh do shraith féin thrí dhuilleog agus beartaigh spriocanna pearsanta ar an taobh eile de gach duilleog. Pléigh leis an rang 'teacht ar athrú staide'.

Úsáid micreascóp digiteach le do mhéarloing a bhreathnú agus a anailísiú. Taifead seo agus cuir i láthair daoine eile sa rang é.

# An Inseoidh Tú Tuilleadh Dom Faoin Phobal Dhomhanda s'Againn?

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith feasach ar ilchineálacht chultúrtha sa domhan is leithne.
- Fios a bheith agat go maireann éagothroime sa domhan is leithne.

## Gníomhaíochtaí Molta

Aimsigh 'An 100 Duine is Mó a d'Oibrigh Tionchar' san irisleabhar Time ar [www.time.com/time100](http://www.time.com/time100). Taighid beatha leithéid Martin Luther King. Pléigh na rudaí a bhain sé amach. Cén dóigh ar chuir sé le hiontas an domhain?

Cuir síos ar na rudaí a bhain do rogha duine áitiúil amach. Cén dóigh ar chuidigh siad le do shaol nó saol daoine eile a dhéanamh iontach? Scríobh alt nuachtáin faoin duine.

Cruthaigh, úsáid agus measúnaigh bileog bailithe sonraí i gcomhair suirbhé ar áiteanna thar lear ar tugadh cuairt orthu, nó ar mhaith le daoine cuairt a thabhairt orthu. Bailigh bróisiúir thaistil agus/nó tabhair cuairt ar shuímh gréasáin a chuideodh leat le dearadh postchárta dhigitigh. Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir maireachtáil ina gcomharsanacht féin nó sa chomharsanacht a roghnaíodh.

Úsáid foinsí éagsúla traidisiúnta agus/nó digiteacha le híomhánna daoine ó thíortha difriúla a aimsiú. Dear agus cruthaigh láithriú 'Lá i Saol...' ag cur síos ar ghnáthlá ag duine a chónaíonn sa tír a thaighdigh tú agus cuir i gcomparáid le do lá féin é. Cad é mar a bhíonn an bia, poist, róil na n-aosach, éadaí agus nósanna cósúil nó éagsúil?

Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le féilire ranga a chruthú d'fhéilte a cheiliúránn daoine ó chultúir agus reiligiúin éagsúla. Tabhair cuireadh do dhaoine sa phobal arb as tír eile iad, nó a fuair taithí ar chónaí thar lear, le labhairt leis an rang.

Bunaigh ceangal digiteach le scoil i dtír eile agus lorg tuilleadh eolais faoina modh maireachtála.



## fócas

Trí thaiscéaladh an domhain ina maireann siad cuirtear ar a súile do pháistí gur baill iad de phobal domhanda. Breathnaíonn siad an domhan nádúrtha ina maireann siad agus machnaíonn ar dhomhan atá ag síorathrú, anois, san aimsir chaite agus feasta.

# An Domhan Thart Orainn

- idirspleáchas
- athrú le himeacht ama
- áit

## Na hEalaíona

## Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

## Corpoideachas

# Cad é mar a Chuireann Crainn le hIontas an Domhain?

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An t-idirspheáchas idir daoine sa phobal a thuiscint.
- Cuid de na dóigheanna a dtarlaíonn athrú le himeachta ama a thuiscint.

## Gníomhaíochtaí Molta

Taiscéal tailte na scoile nó achar eile sa cheantar agus cuir eolas ar chrainn. Úsáid iomlán do chéadfaí le hoiread eolais agus is féidir a fháil, tomhais airde agus timpeall, breathnaigh an choirt, na duilleoga, fad na bhfréamhacha nó an crann mar ghnáthóg, cad é a chónaíonn sa chrann agus cén chuid de ina gcónaíonn (luchóga, mionainmhithe, éin, ioraí, eidhneán). I ngrúpaí, roghnaigh gné de chuid an chrainn, mar na duilleoga nó an choirt, le staidéar níos mionsonraithe a dhéanamh. Roghnaigh dóigheanna le tuairisciú agus láithriú don chuid eile den rang.

Lorg eolas ar éagsúlacht na gcrann sa chomharsanacht, i dTuaisceart Éireann agus in áiteanna codarsnacha timpeall an domhain. Taighdigh agus eagraigh eolas ar chrainn, mar shampla, síorghlas, duillsilteach, saolréanna, biashlabhraí nó athrú séasúrach. Cuir eolas ar an idirspheáchas trí thurgnamh ghréasán na beatha.

### NB:

*Turgnamh Ghréasán na Beatha. Socraigh na páistí i bhfáinne. Tabhair ainm ar gach páiste – crann, ainmhí, ithir nó aeráid. Iarr ar na páistí meall sreinge a úsáid agus gréasán le patrún cliathach a dhéanamh trína shíneadh chuig an duine atá os a gcomhair. Lean ar aghaidh go dtí go mbeidh an tsreang iomlán caite; iarr ar na páistí claonadh siar beagán; cuir ceisteanna, mar shampla, cad a tharlódh dá ngearrfaí na crainn uile ón ghréasán? Léirigh go dtitfeadh an gréasán óna chéile dá ngearrfaí na crainn uile nó dá millfí ceann de na páirteanna eile sa ghréasán.*

Amharc ar chrann Bonsaí agus ceistigh cuid de na bunsmointe faoi chrainn. Faigh amach faoi thraidisiúin agus úsáid crann ar fud an domhain, leithéid an chrainn Bonsaí. Lorg eolas ar thábhacht na gcrann sa saol s’againn, mar shampla, foscadh, bia agus cosc creimeadh ithreach. Taighdigh scéalta, dánta agus rannta faoi chrainn i gcultúir éagsúla timpeall an domhain, mar shampla, Curaidh na Craobhrua [Cúige Uladh].

Fiosraigh úsáidí éagsúla crann ó aois go haois ag úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha. Taifead agus láithrigh na torthaí do dhaoine eile. Triail páipéar a dhéanamh. Tabhairt cuairt ar Dhaonpháirc Uladh-Mheiriceá a lorg eolais ar úsáidí adhmaid in Éirinn agus i Meiriceá. Úsáid adhmaid le samhail a dhearadh agus a dhéanamh.

Tabhair cuairt ar choillearnach nó ar pháirc foraoise sa cheantar, mar shampla, Stáblaí an Pháláis, Ard Mhacha, le fáil amach faoi thionscal na n-úll. Déan teagmháil le hoifigeach eolais ag foraois áitiúil nó úsáid an t-idirlíon le foghlaim faoi thionscnaimh crann, mar shampla, urraigh crann nó feachtas crann Thuaisceart Éireann.

# Iontach An Dream

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An tionchar a thig le daoine a oibriú ar an domhan a thuiscint.
- Na dálaí a fhéadann idirspleáchas a luathú le himeacht ama a thuiscint.
- Bheith eolach ar chuid de chúiseanna agus d'éifeachtaí gluaiseachta.

## Gníomhaíochtaí Molta

Déan taighde ar cad é mar a chuaigh cultúir éagsúla i bhfeidhm ar ár saol, mar shampla, an cion Arabach don aibítir agus don mhatamaitic, tionchar na Gréige ar ár n-ailtireacht agus tionchar SAM an lae inniu agus a mheán ar theanga, bhia agus mheon.

Bunaigh naisc ríomhphoist le daltaí i dtír eile le cosúlachtaí agus difríochtaí idir cultúir a chéile a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht. Iarr ar ionadaithe ó phobail eitneacha deiseanna blaiseadh bia a chur ar fáil. Triail roinnt oideas simplí leis an rang.

### Aireagóirí agus a nAireagáin

Tabhair cuairt ar na hÁiléir Iompair agus Áiléir X2 Flight Experience ag Iarsmalann Daonchultúir agus Iompair Uladh. Fiosraigh an dóigh ar athraigh an aireag an domhan againn le gur fearr anois é mar áit chónaithe, mar shampla, scríú Airciméidias. Déan mionsamhail oibríoch de scríú Airciméidias (féach áiseanna). Dear agus déan samhla bunaithe ar chuairt.

### Leonardo da Vinci – fear a rugadh roimh a am

Dear agus déan samhla bunaithe ar chuid d'aireagáin Leonardo. Fiosraigh aireagáin den lá inniu agus aireagáin a d'fhéadfadh a theacht feasta. Mar rang, pléigh cad é mar a fheabhsaíonn aireagáin saol daoine.

# Seacht nIontas an tSeansaoil

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Eolas a chur ar ghnéithe agus éagsúlachtaí réimse áiteanna sa domhan s'againn.

## Gníomhaíochtaí Molta

Faigh eolas ar Sheacht nIontas an tSeansaoil agus pléigh an chúis a dtugtar sin orthu. Aimsigh iomlán na Seacht nIontas ar léarscáil an domhain. I ngrúpaí, roghnaigh ceann de na Seacht nIontas agus déan gréasán topaicí de na ceisteanna uile a bhfuil tú ag iarraidh freagra orthu. Úsáid éagsúlacht foinsí le tuilleadh fiosraithe a dhéanamh agus cuir na torthaí i láthair an chuid eile den rang. Socraigh ar cé acu de na Seacht nIontas ba tharraingtí le cuairt a thabhairt air agus cad chuige. Bunaigh grúpaí le daoine eile a rinne an rogha chéanna. Cruthaigh póstaer nó fógra teilifíse leis seo a chur chun cinn mar shaoire na bliana. Úsáid pacáiste bogearraí ealaíne mar 'Colour Magic' nó 'Fresco' le léarscáil de Sheacht nIontas an tSeansaoil a chruthú. Úsáid an léarscáil seo le bealach a dhearadh ag úsáid Logo agus cruthaigh slí le cuairt a chur ar gach Iontas.

Mar rang, machnaigh ar cad iad Seacht nIontas an cheantair áitiúil agus cad chuige. Úsáid foinsí traidisiúnta agus/nó digiteacha le tuilleadh taighde a dhéanamh ar na suímh seo agus cruthaigh nuachtlitir. Dáil an nuachtlitir ar thuismitheoirí agus foilsigh eolas faoi Sheacht nIontas na dúiche ar shuíomh gréasáin na scoile, Grid Club nó ar inlín na scoile [fillteán poiblí].



## fócas

Trí thaiscéaladh an domhain ina maireann siad cuirtear ar a súile do pháistí gur baill iad de phobal domhanda. Breathnaíonn siad an domhan nádúrtha ina maireann siad agus machnaíonn ar dhomhan atá ag síorathrú, anois, san aimsir chaite agus feasta.

## Corpoideachas

- freagairt go cruthaitheach don cheol
- ag obair le daoine eile agus meas agat ar a gcuid saothair
- sábháilteacht phearsanta san uisce agus in aice leis
- forbairt banganna aitheanta snámha

### Na hEalaíona

### Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint

### An Domhan Thart Orainn



# Uisce, Uisce Gach Áit

## Cuspóirí Molta Foghlama

- An dóigh a n-oibríonn teocht an uisce éifeacht ar a gcorp a thuiscint.
- Na rialacha agus gnáis a choinníonn sábháilte iad san uisce agus in aice leis a aithint agus a mhíniú.
- Bheith in ann banganna aitheanta snámha a dhéanamh.

## Gníomhaíochtaí Molta

Pléigh agus cuir síos ar cad é mar a mhothaíonn an corp agus tú ag snámh agus an rud a tharlaíonn do d'análú. Machnaigh ar an mhothú a chuireann teocht an uisce ionat agus mar a fhreagraíonn do chorp don teocht.

Déan liosta de rialacha a theastaíonn le linn súgartha san uisce nó in aice leis. Pléigh an greann agus an chontúirt a bhaineann le bheith san uisce. I ngrúpaí, cruthaigh liosta dóigheanna a dtiocfadh cuidiú agus tacú le daoine eile san uisce nó in aice leis agus cuidiú leo mothú sábháilte. Roinn na smaointe le grúpaí eile agus aontaigh ar liosta ranga.

### **NB:**

*Ba chóir go bhféadfadh páistí dul isteach is amach san uisce go sábháilte. Cuir deiseanna ar fáil dóibh le go dtig leo snámhacht, cothromaíocht, léim ó thaobh go taobh san uisce agus isteach is amach san uisce, a fhiosrú agus a chleachtadh. Cleacht forbairt banga, mar chrágshnámh tosaigh, snámh droma, béim bhrollaigh agus féileacán. Seans nach mbeidh snámh go fóill ag cuid de na páistí. Spreag iad trí úsáid a sciathán agus a gcos a iniúchadh le linn bogadh san uisce agus trí chluichí simplí a imirt. Is tábhachtach go mbeidh am ag páistí le sult agus taitneamh a fháil san uisce, le linn bheith ag foghlaim a lán gníomhaíochtaí struchtúrtha súgartha san uisce.*

*Gríosaigh na páistí le háiseanna áitiúla a úsáid lena muinín san uisce a fhorbairt agus leis na banganna aitheanta snámha a chleachtadh.*

# Iontas an Domhain Ina gCónaímid

## Cuspóirí Molta Foghlama

- Bheith in ann céimeanna gluaiseachta a ghníomhú ag úsáid réimse ball agus gníomhaíochtaí coirp.
- Ceol a úsáid le gluaiseacht a spreagadh.
- Bheith in ann damhsa simplí a dhéanamh leo féin nó le páirtí nó i ngrúpa beag.

## Gníomhaíochtaí Molta

Íoslódáil amhrán agus liricí ‘What a Wonderful World’ le Louis Armstrong ón Idirlíon. Éist leis an amhrán agus labhair ar an réimse rudaí iontacha sa domhan againn a chanann sé. Pléigh mar a thiocfadh leat smaointe faoi ghluaiseacht a chruthú bunaithe ar fhocail an amhráin. As seo, fiosraigh réimse smaointe, mar shampla:

‘I see trees of green, red roses too, I see them bloom, for me and for you’  
- déan gluaiseachtaí leathana luascánta do na crainn agus treisigh bláthú na mbláthanna le gluaiseachtaí móra lámh agus sciathán.

‘I see friends shaking hands, sayin’ ‘How do you do?’ – bog i dtreonna éagsúla agus gach uair a chastar duine ort, beannaigh dóibh ar dhóigh éagsúil.

Ina n-aonar fiosraigh, cruthaigh agus cleacht damhsa simplí a léireodh an t-amhrán. Taispeáin cruthanna maithe coirp agus gníomhaíochtaí, leibhéil, luasanna, treonna agus cosáin éagsúla.

Breathnaigh, cuir síos air agus pléigh do dhamhsa féin agus cuid daoine eile. Forbair na smaointe tuilleadh le páirtí nó i ngrúpa beag. Oibrigh go cruthaitheach ag éisteacht le dearcadh agus tuairimí gach duine sa ghrúpa le damhsa a chruthú, ag úsáid ceoil mar spreagadh. Sa ghrúpa s’agatsa, cleacht do dhamhsa agus cuir críoch air.

Taifead na damhsaí ag úsáid teicneolaíocht físeáin dhigití. Breathnaigh, pléigh agus measúnaigh réimse smaointe gluaiseachta agus pléigh smaointe ar an dóigh le gluaiseachtaí a fheabhsú.

### **NB:**

*Spreag stáidiúlacht mhaith, stiúir agus comhordú le linn bogadh agus stad. Iarr ar gach grúpa a ndamhsa a dhéanamh don chuid eile den rang nó iarr ar leath an ranga damhsa agus an leath eile ag breathnú.*

# Cur le Forbairt Scileanna

Ar fud na réimsí san SFN seo tá deiseanna le heispéiris a sholáthar a chuideodh le forbairt scileanna Cumarsáide, Úsáid na Matamaitice, Úsáid TFC agus Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta.

## Cumarsáid

- Réimse leathan foinsí a úsáid le heolas ábhartha a aimsiú agus a úsáid.
- Feasacht ar chineálacha, struchtúir agus ghnéithe téacsanna.
- Labhairt ar chuspóirí éagsúla ag úsáid stór focal atá ag leathnú.
- Caint a struchtúru agus a sheicheamhú agus tú ag cuimhneamh ar an lucht éisteachta.
- Obair a chur i láthair agus in iúl i réimse foirmeacha agus ar dhóigheanna éagsúla.
- Obair a eagrú agus a struchtúru go neamhspleách.
- An obair a sheiceáil i gcomhair beaichte agus athdhréachtú leis an chiall a fheabhsú.

## Úsáid na Matamaitice

- Sonraí a aithint, a bhailiú agus a thaifeadadh taobh istigh de chomhthéacsanna a bhfuil cuspóir leo.
- Eolas a fháil ó réimse graf agus léaráidí agus conclúidí a tharraingt.
- Crann cinnteoireachta a dhearadh agus a úsáid le grúpaí rudaí a shórtáil nó a aithint.
- Stór focal a bhaineann le dóchúlacht a úsáid.
- Tomhas, ag úsáid nodaireacht cheart agus scálaí a léamh le méid cuí beaichte.
- Meastacháin chéillí a dhéanamh, agus san áit ar cuí, aonaid mhéadracha a roghnú agus a úsáid.
- Clog 12 agus 24 uair a úsáid.
- Na céatadáin shimplí a bhíonn in úsáid gach lá a úsáid.

## Úsáid TFC

- Eolas/áiseanna a thaighde, a roghnú, a chur in eagar agus a chur i láthair ag úsáid réimse foinsí digiteacha.
- Áiseanna faighte nó féintáirgthe a phróiseáil, san áireamh, téacs, uimhir, fuaim, íomhánna neamhghluaiste nó gluaiste, agus iad a chomhcheangal lena gcuid oibre a chruthú, a chur i láthair agus a chur in iúl, ag léiriú feasacht ar lucht éisteachta agus chuspóir.
- Smaointe a chur in iúl agus a fhorbairt trí théacs a chruthú agus a chur in eagar ar an scáileán, á chomhcheangal seo le híomhánna agus/nó fuaimneanna arna roghnú mar is cuí.
- Modhanna comhaimseartha digiteacha a úsáid le heolas a chur in iúl, a chomhroinnt agus a mhalartú le comhpháirtithe.
- Fadhbanna i dtimpeallacht dhigiteach a fhiosrú agus a fhuascailt.

## Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta

**Bainistiú Faisnéise:** Fiafraigh ceisteanna is doimhne agus is leithne leis an tasc a shoiléiriú, agus le spriocanna a bheartú. Ciall de lucht éisteachta agus de chuspóir a bheith agat. Forbairt modhanna comhordaithe agus taifeadta eolais agus le faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn taisc.

**Smaointeoireacht, Fadhbhréiteach agus Cinnteoireacht:** Aithint patrún agus caidreamh. Míniú agus cosaint modhanna, tuairimí agus conclúidí. Déanamh agus tástáil tuartha, agus ceangal cúiseanna agus iarmhairtí féideartha. Idirdhealú idir fóras agus tuairim. Tuiscint de níos mó ná aon dearcadh amháin. Scrúdú roghanna agus meá rudaí i leith agus in éadan. Tástáil fuascailtí agus cuir chuige eile.

**Bheith Cruthaitheach:** Déanamh turgnamh ar dhóigh spráúil. Tóraíocht fadhbanna agus agóid in éadan an ghnáthmhodha. Aithint deiseanna in earráidí agus i dteipeanna. Tógáil ar do smaointe agus eispéiris féin agus ar chuid daoine eile, ag úsáid iomlán na gcéadfaí. Déanamh turgnamh le dearthaí, gníomhaíochtaí agus torthaí éagsúla. Léiriú measa ar smaointe daoine eile.

**Ag Obair le Daoine Eile:** Éirí neamhspleách. Aiseolas a thuiscint agus freagairt dó. Glacadh freagrachta as tascanna agus ról i ngrúpaí. Oibriú i dtreo comhréitigh agus tosú a bhainistiú easaontas.

# Áiseanna Molta Iontas an Domhain

## Áiseanna Digiteacha

### Bogearraí TFC

Blackcat Logo

Colour Magic or Fresco

Egyptians CD-Rom

Encarta World Atlas

Interlinks CD ROM

Victorians CD-Rom

Young Writer's Workshop

#### C2K:

Microsoft Powerpoint

ComicLife –

ar fáil ó [www.plasq.com](http://www.plasq.com) (Is féidir greannán a chumadh i nGaeilge leis an chlár seo)

PhotoStory3 –

(Is féidir seó sleamhnán a chruthú go gasta a bheidh ar fáil ar C2K ó Mhí Mheán Fómhair 2009)

LearningNI –

Network – Encarta

LearningNI –

Network – AudioNetwork

LearningNI –

Network – Infomapper (Léarscáileanna OS)

I Love Science

(I mBéarla ach is fiú go mór á úsáid.)

Audacity

(Clár a ligeann don dalta ceol agus fuaimeanna a thaifeadadh agus a athrú.)

Everlasting Voices (Curriculum Content KS1 and Curriculum Content KS2)

Facepaint

(Ligeann sé don dalta mothúcháin éagsúla a léiriú ar aghaidheanna)

Marratech 6.1 agus Virtual Classroom

(Clár a ligeann don mhúinteoir físchomhdháil – videoconference - a bhunú agus a shocrú)

2Simple Software –

2Connect: (Clár a dhéanann Gréasáin Topaicí.)

Beir Bua 1 CD ROM –

(Gael Linn) ISBN: 1904174124

Beir Bua 2 CD ROM –

(Gael Linn) ISBN: 1904174132

Gaelspell 2007 Litreoir Gaeilge –

(Cruinneog: 2008)

Ceart Gramadóir Do Windows –

(Cruinneog: 2008)

MonkeyJam

(Clár a ligeann don dalta gearrthóga beochana a chruthú.) Ar fáil ó <http://www.giantscreamingrobotmonkeys.com/monkeyjam/download.html>

## Áiseanna Digiteacha ar leanúint

### Suímh Gréasáin Molta

BBC Northern Ireland Learning  
[www.bbc.co.uk/ni/learning](http://www.bbc.co.uk/ni/learning)

BECTA – Improving Learning Through  
 Technology  
[www.becta.org.uk](http://www.becta.org.uk)

Child Safety Initiative  
[www.protectchild.co.uk](http://www.protectchild.co.uk)

Citizenship site for Primary Schools  
[www.timeforcitizenship.org](http://www.timeforcitizenship.org)

Crick Educational Software  
[www.cricksoft.com](http://www.cricksoft.com)

Cultural diversity - Creative connections  
 Teachers pack [www.ccp.com](http://www.ccp.com)

Entrepreneurs for Sustainability  
[www.e4s.org](http://www.e4s.org)

Eyeneer Music Archives  
[www.eyeneer.org](http://www.eyeneer.org)

Film Education  
[www.filmeducation.org](http://www.filmeducation.org)

Free lesson plans and resources  
[www.primaryresources.co.uk](http://www.primaryresources.co.uk)

Grid Club  
[www.gridclub.com](http://www.gridclub.com)

Museums and Galleries of Northern Ireland  
[www.magni.org.uk](http://www.magni.org.uk)

Music Store  
[www.musicroom.com](http://www.musicroom.com)

NAACE – advancing education through ICT  
[www.mape.org.uk/kids](http://www.mape.org.uk/kids)

National Trust – Learning and Discovery  
[www.nationaltrust.org.uk/learninganddiscovery](http://www.nationaltrust.org.uk/learninganddiscovery)

Northern Ireland Tree Campaign  
[www.cvni.org/nitc](http://www.cvni.org/nitc)

One World Centre Citizenship  
[www.bigpic.biz](http://www.bigpic.biz)

PSHE site from DFES  
[www.galaxy-h.gov.uk](http://www.galaxy-h.gov.uk)

Save the Children  
[www.savethechildren.org.uk](http://www.savethechildren.org.uk)

The Amazing Body – The Virtual Body  
[www.medtropolis.com/vbody.asp](http://www.medtropolis.com/vbody.asp)

Time Magazine – 100 people who shape our world  
[www.time.com/time100](http://www.time.com/time100)

Físeáin de dhamhsaí difriúla domhanda –  
 i mBéarla  
[www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/](http://www.bbc.co.uk/cbeebies/boogiebeebies/world/)

Físeán ar ‘Tionscadal na Saimbia / Project  
 Zambia’ – 6 fhíseán ar fad’  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/637/gaeilge/)

Físeán ar ‘Corn na Breataine’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/429/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/429/gaeilge/)

Físeán ar ‘Glaschú’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/438/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/438/gaeilge/)

[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/504/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/504/gaeilge/)

Físeán ar Ollscoil Notre Dame, Indiana  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/111/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/111/gaeilge/)

Físeán ar ‘Barcelona’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/455/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/455/gaeilge/)

Físeán ar ‘An Eilvéis’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/525/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/525/gaeilge/)

Físeán ar ‘Amstardam’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/386/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/386/gaeilge/)

Físeán ar ‘An Róimh’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/536/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/536/gaeilge/)

Físeán ar ‘Logainmneacha Bhéal Feirste’  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/433/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/433/gaeilge/)

## Áiseanna Digiteacha ar leanúint

### Suímh Gréasáin Molta

Físeán ar 'Damhsa Sean-Nóis'  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/114/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/114/gaeilge/)

Físeán ar 'Capoeira' – ealaín/damhsa ó thraidisiún na Brasaíle  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/459/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/459/gaeilge/)

Físeán ar 'Havana'che' – ceol agus Damhsa ó Chúba  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/468/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/468/gaeilge/)

Físeán ar 'Carthaigh Quill, Amhránaí Ceoldráma  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/425/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/425/gaeilge/)

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire – Damhsa Gaelach – (Físeán 3)  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/)

Físeán ar lontaobhas Spiorad Inis Ceithleann' – lontaobhas a thugann Caitlicigh agus Protastúnaigh óga le chéile.  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/529/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/529/gaeilge/)

Físeán ar 'Taispeántas 'Irish at War' ' – in Iarsmalann Uladh  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/473/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/473/gaeilge/)

Físeán ar 'Róisín Elsafty' – amhránaíocht an tsean-nóis i gConamara  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/548/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/548/gaeilge/)

Físeán ar 'Amhrán Sean-Nóis le hAobhinn Ní Shúilleabháin'  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/448/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/448/gaeilge/)

Suíomh agus Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' –Ceol (Físeán 4)  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/)

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Ceol Traidisiúnta (Físeán 5)  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/)

Físeán ar 'Cineálacha Caitheamh Aimsire' – Rac-Cheol (Físeán 6)  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/719/gaeilge/)

Físeán ar 'Allan Mac Donald' – próbairé clúiteach as Albain  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/379/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/379/gaeilge/)

Físeán ar 'Píobairí Ard Mhacha'  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/310/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/310/gaeilge/)

Físeán ar 'Ealaín na Gaeltachta  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/435/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/435/gaeilge/)

Físeán ar 'Ciarán Sweeney' – dearthóir Éireannach  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/461/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/461/gaeilge/)

Físeán ar 'Teanga Chomharthaíochta'  
[www.bbc.co.uk/irish/articles/view/404/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/articles/view/404/gaeilge/)

Físeán ar 'Na Cluichí Speisialta Oilimpeacha  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/557/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/557/gaeilge/)

Físeán ar 'Sportsability' – Lá spóirt trasphobail agus trasábaltachta  
[http://www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/528/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/528/gaeilge/)

Físeán ar 'Turas Snámha Timpeall na hÉireann'  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/558/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/558/gaeilge/)

Físeán ar 'Coláiste Uisce' – Campa Uisce Spóirt  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/376/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/376/gaeilge/)

Físeán ar 'Stair na hÉireann dar le Fíbin' – seónna puipéad.  
[www.bbc.co.uk/irish/video\\_audio/player/115/gaeilge/](http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/115/gaeilge/)

Clár saor in aisce 'MonkeyJam' a ligeann duit 'Beochan – Animation' a chruthú  
[www.giantscreamingrobotmonkeys.com/monkeyjam/download.html](http://www.giantscreamingrobotmonkeys.com/monkeyjam/download.html)

## Áiseanna Digiteacha ar leanúint

### Suímh Gréasáin Molta

Na cláir a chraoltar ar TG4 don aos óg  
[www.tg4.ie/stud/cula/prog.asp](http://www.tg4.ie/stud/cula/prog.asp)

Wikipedia i nGaeilge  
[www.ga.wikipedia.org](http://www.ga.wikipedia.org)

Suíomh a chuidíonn le daltaí bheith eolach ar an dóigh a n-imríonn 'Fógraíocht' tionchar orthu.  
<http://www.childrensfoodcampaign.net/>

Suíomh 'Cumann Sábháilteacht Uisce'  
<http://www.iws.ie/index.html>

Suíomh a chuireann dearcadh dearfach i leith aosú agus daoine aosta chun cinn i measc daltaí bunscoile  
[www.ncaop.ie/schools/youngandold/gaeilge.htm](http://www.ncaop.ie/schools/youngandold/gaeilge.htm)

Áiseanna tacaíochta ó CCEA don 'Forbairt Phearsanta agus Comhthuisceant' – Bhliain 5.  
[www.nicurriculum.org.uk/key\\_stages\\_1\\_and\\_2/areas\\_of\\_learning/personal\\_development/living\\_learning\\_together/year5.asp](http://www.nicurriculum.org.uk/key_stages_1_and_2/areas_of_learning/personal_development/living_learning_together/year5.asp)

Íoslódáil an clár 'ComicLife' a ligeann duit greannáin a chruthú.  
[www.plasq.com/comiclife](http://www.plasq.com/comiclife)

Cuardaigh 'Poist thábhachtacha i mo phobal'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Cuardaigh 'Cé a dhéanann cinneadh?'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Cuardaigh 'Carnabhal na nAinmhithe'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Cuardaigh 'Blasanna an Domhain – Learn Premium'  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Cuardaigh 'Ag fágáil an bhaile'.  
[www.learningni.net](http://www.learningni.net)

Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam  
[www.ceim.gaa.ie/menranganna.html](http://www.ceim.gaa.ie/menranganna.html)

Nótaí do mhúinteoirí agus leathanaigh oibre ar ghnéithe éagsúla den churaclam  
[www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html](http://www.ceim.gaa.ie/ardranganna.html)

Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka 2' ó COGG): 2.3 'Gleo Glór Fothram Callánorann', 2.14 'Anois Teacht an Earraigh' 2.17 'Seachtain na gCrann', 2.20 'Gruaig'.  
<http://194.149.76.112/COGG/StudentMaterials/stm.aspx?id=311>

Réimse mhaith nuachtlitreacha 'Euraka' ó COGG): 3.1 'Tine', 3.2 'Uaimheanna', 3.16 'Teas Mór=Trioblóid Mhór', 3.26 'An bhfuil rud éigin le rá agat?'  
<http://194.149.76.112/COGG/StudentMaterials/stm.aspx?id=312>

Áiseanna do pháistí ar an Timpeallacht  
[www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/](http://www.epa.ie/researchandeducation/education/primary/)



## Áiseanna Traidisiúnta

### Leabhair/Ábhair Theagaisc

**Greek Myths for Young Children** Amery, Heather (Usbourne Publishing Ltd 1999) ISBN 0746037252

**How the body works** Parker, Steve (Dorling Kindersley Publishers Ltd 1994) ISBN 0-7513-0081-0

**How the Earth Works** (Eyewitness Science Guides) John Farndon (Dorling Kindersley Publishers Ltd. 1992) ISBN 086318-831-1DN.

**Junior Citizen Handbook** Children's Safety Education Foundation

**Lift off - Introducing Human Rights Education Within The Primary Curriculum** Amnesty International

**Listening to Music Elements Age 7+** MacGregor, H (A & C Black, London, 2007)

**Me and Relationships** Barnickle, Carole and Wilson, Duncan (Hopscotch Educational Publishing 2004)

**Me as a Person** Barnickle, Carole and Wilson, Duncan (Hopscotch Educational Publishing 2000)

**Out of This World** (CCEA/CITB 2006)

**Oxfam Global Citizenship – The Handbook for Primary Teaching** (Oxfam 2001)

**Ceol Abú Rang 3** – (Carroll Education) ISBN: 9781844500987

**Ceol Abú Rang 4** – (Carroll Education) ISBN: 9781844500994

**Ceol Abú Ardranganna September** – (Carroll Education) ISBN: 9781844501007

**Bualadh Bos 5** – (Carroll Heinemann) ISBN: 9781844500420

**Bualadh Bos 6** – (Carroll Heinemann) ISBN: 9781844500444

**Seo an Eolaíocht – Uisce** – (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1903589088

**An Saol Sa Chianaimsir** – (An tÁisaonad: 2000) ISBN: 1898392579

**Leabhar Mór an Eolais** – (An Gúm: 2008) ISBN: 9781857916348

**Iontas an Domhain** – (An tÁisaonad: 1999)

**Leonardo agus an Buachaill a d'Eitil** – (An tÁisaonad) ISBN: 1903597161

**An Fhoroais Bháistí** – (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748227

**Déanaimse Mo Chion** – (An Gúm: 2007) ISBN: 9781857916829

**Fuar** – (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748197

**Mistéir Ollphéist Loch Nis** – (An tÁisaonad: 2007) ISBN 9780732747411

**Amelia Earhart** – (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748142

**Meascán Moncaithe** – (An tÁisaonad: 2007) ISBN: 9780732747442

**Taismí Tairbheacha** – (An tÁisaonad: 2008) ISBN: 9780732748203

**Rogha Gach Bia** – (An tÁisaonad: 2007) ISBN: 9780732747459

**Féach Thart 3** – (An Gúm: 2004) ISBN: 1857912772

**Féach Thart 4** – (An Gúm: 2002) ISBN: 1857912829

**Féach Thart 5** – (An Gúm: 2003) ISBN: 1857914724

**Timpeall an Domhain Rang 4** – (Folens: 2008) ISBN: 9781847410672

**Timpeall an Domhain Rang 5** – (Folens: 2008) ISBN: 9781847410689

**Timpeall an Domhain Rang 6** – (Folens: 2008) ISBN: 9781847410693

## Áiseanna Traidisiúnta

### Clos/Amhairc (Téacsanna Meán)

BBC Television, **'The World Around Us – Geography'** Autumn 2003  
Go With The Flow (the story of the River Lagan).

**Brining it all back home** – BBC series London

**Chinese Flute: Chinese Classical Folk Music**  
Li He (Arc)  
ASIN: B00008EP6F

**Magical Musical Mystery Tour** – BBC NI  
Education

**Mango Spice – 44 Carribean Songs** Yvonne  
Connolly (A&C Black: 2001)  
ISBN: 071366097X

**Songs and dances from Turkey** H & G  
Turkmenter (Arc)  
ASIN: B00000617P

**The Singing Sack: 28 Song-Stories from  
Around the World** Helen East (A&C  
Black:1991)  
ISBN: 0713631155

**Under African Skies** Adzido (Arc:1995)  
ASIN: B0000011CG

**Dlúthdhiosca 1 agus 2** – (An Gúm: 2008) ISBN:  
9781857917376

**Peigín Leitir Móir** – Amhráin agus Rannta  
Traidisiúnta Gaeilge, Tadhg Mac Dhonnagáin agus  
John Ryan (Futa Fata: 2005) ISBN: 9780955098376

**Amhrán is Fiche CD ROM** – (Fios Feasa: 2005)

**Amhrán is Fiche Eile CD ROM** – (Fios Feasa: 2005)

**Beir Bua 1 CD ROM** – (Gael Linn) ISBN  
1904174124

**Beir Bua 2 CD ROM** – (Gael Linn) ISBN  
1904174132

**Tíreolaíocht le Cormac agus Orla CD ROM** – (Fios  
Feasa: 2005)

**Mo Cheol Thú + CD** – (An Chomhlacht Oideachais)  
ISBN 978 1 845 360207

**Bliain na n-Amhrán CD** – (Futa Fata)

**A Stór 's a Stóirín CD** – (Gael Linn) le Pádraigín Ní  
Uallacháin

**Cúl agus Cúilín CD** – (Aonar Publications: 2003) le  
Malachy Duffin

**Abraimis Amhráin 'is Rainn CD** – (Bunscoil  
Phobal Feirste)

*Tugtar faoi deara gurb iad na háiseanna thuas na cinn a mhol na múinteoirí a raibh lámh acu i bhforbairt an SFN seo. Agus seo ag dul i gcló, bhí na súimh gréasáin molta beo.*

Foilseachán de chuid CCEA © 2009



**COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT**

29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG

☎ +44 (0)28 9026 1200

☎ +44 (0)28 9026 1234

☎ +44 (0)28 9024 2063

✉ info@ccea.org.uk

🌐 www.ccea.org.uk

*Rewarding Learning*